



An Garda Síochána

Cáipéis Bheartais

Faisnéis Foinse Oscailte

Dáta Éifeachtach	10 Eanáir 2023
Leagan Uimh.	1.0
Faofa ag	Feidhmeannacht an Gharda Síochána
Arna thabhairt isteach ag	Treoir 002/2023 ón gCeannteathrú
Úinéir an Bheartais	An Coimisinéir Cúnta, Seirbhís Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht agus Faisnéis Slándála

Cuspóir

Foinse shaibhir Sonraí iad an t-idirlíon agus láithreáin mheán sóisialta, ach go háirithe, agus is féidir leo eolas agus faisnéis a sholáthar atá an-fhiúntach. Soláthraíonn comhaltaí an Gharda Síochána a thugann faoi imscrúduithe Faisnéise Foinse Oscailte (OSINT) agus imscrúduithe ar líne cumas tábhachtach faisnéise a chuireann le gach gné den phóilíneacht agus a chuireann eolas luachmhar ar fáil chun tacú le haschur eile bunaithe ar fhaisnéis.

Tá sé ríthábhachtach go dtuigeann comhaltaí an Gharda Síochána a thugann faoi fhiosrúcháin OSINT coincheap agus feidhm ardán ar líne go hiomlán. Úsáidfeadh gach teicníc atá ar fáil i gcomhréir leis an dlí agus ar bhealach comhréireach, a chinntíonn go léirítear meas ar chearta bunreachtúla agus daonna gach duine agus go gcosnaítear iad ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Is iad na cearta is dóchúil a chuirtear chun feidhme na cearta maidir le dínit agus príobháideachtas. Gníomhóidh comhaltaí go heiticiúil, go gairmiúil agus go cuí. Caithfidh siad le gach duine agus leis an ábhar uile le dínit agus meas ar aon dul leis [an gCód Eitice](#).

Scóip

Baineann an cháipéis bheartais seo agus an cháipéisíocht ghaolmhar uile le comhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána. Baineann sé freisin le Póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) a tugadh ar iasacht don Gharda Síochána i gcomhréir le hAlt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ráiteas Beartais

Tá comhaltaí uile an Gharda Síochána atá freagrach as tabhairt faoi fhiosrúcháin foinse oscailte freagrach as a chinntiú go gcloítear leis na prionsabail a chuimsítear sa cháipéis seo agus lena cáipéis ghaolmhar níos imeachta.

Níor cheart do chomhaltaí an Gharda Síochána mí-úsáid a bhaint as a gcumhachtaí nó a n-údarás póilíneachta agus ní foláir dóibh caitheamh leis an bpobal ar a bhfreastalaíonn siad le dínit, meas agus ar bhealach a chomhlíonann cearta daonna ag gach tráth. Cabhraíonn Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána (GDMM) a úsáid leis seo. Teastaíonn nósanna imeachta ar leith ó chomhaltaí an Gharda Síochána a thugann faoi fhiosrúcháin OSINT chun iad féin agus an eagraíocht a chosaint ar mhaithe le hiontaoibh agus muinín an phobail a chosaint agus clú agus macántacht an Gharda Síochána á gcothú i gcomhthráth.

Comhlíonadh

Tá sé éigeantach go ndéanann comhaltaí uile an Gharda Síochána agus baill foirne uile an Gharda Síochána an beartas seo agus an cháipéis Níos Imeachta a ghabhann léi a chomhlíonadh.

Cáipéisí Gaolmhara

1. Cáipéis níos imeachta Faisnéise Foinse Oscailte.
2. [An Cód Eitice don Gharda Síochána](#)
3. [Cód an Gharda Síochána, Caibidil 6, Fostaíocht, Comhionannas agus Eitic.](#)
4. [Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.](#)
5. [An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018](#)
6. [An Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí don Gharda Síochána.](#)
7. [An Beartas Úsáide Inghlactha TFC.](#)
8. [An Nós Imeachta maidir le Gléasanna Móibíleacha.](#)
9. [Cód Cleachtais – CHIS.](#)
10. [Treoir Uimh. 19/19 ón gCeannteathrú – an Creat um Chearta Daonna.](#)

Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna

Rinneadh scagadh ar an mBeartas seo i dtaobh Cearta Daonna agus Dlíthiúla maidir leis na hoibleagáidí faoi seach a leagtar ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

Caighdeán agus Gealltanais Eiticiúla

Caithfidh gach duine a oibríonn sa Gharda Síochána aird a thabhairt ar agus cloí leis na caighdeán agus na gealltanais a leagtar amach sa [Chód Eitice](#) don Gharda Síochána agus chun seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na hEagraíochta.

Athbheithniú Beartais agus Nóis Imeachta

Déanfar athbheithniú ar an mbeartas seo agus ar cháipéisí gaolmhara 12 mhí ó dháta a éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Séanadh

Ní bheartaítear go dtugtar comhairle dlí sa cháipéis seo, agus ní thugtar comhairle dlí inti ar féidir brath uirthi maidir leis an ábhar a chuimsítear anseo istigh. Níor cheart an cháipéis seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil dlí.

Aiseolas ar an gCáipéis Bheartais agus Nóis Imeachta

Tá Cuntas Saincheisteanna Beartais á choimeád ag an Aonad Comhordaithe Beartais agus Rialachais. Nuair a thiteann saincheisteanna féideartha amach maidir le cur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta a leagtar amach sa cháipéis seo, seol cuntas ar an gcéanna ar aghaidh, le do thoil, tríd an Oifig Roinne ábhartha chuig bosca ríomhphoist na Rannóige, policy.governance@garda.ie. Cuirfear aighneachtaí Roinne i dtairfead sa Chuntas Saincheisteanna Beartais agus seoltar ar aghaidh iad chuig Úinéir an Bheartais go ndéanfar pé gníomh ina leith a mheastar is riachtanach.